

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**13388/25
ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0305 (NLE)**

**AGRI 454
FAO 45
ENV 911
RGA 5**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 564 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 564 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 564 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 564 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de
Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha
Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur
isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún**

Iarscríbhinn III

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA CHAIBIDLÍOCHTA

1. Bainfear amach feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a fheabhsú trí phacáiste beart lena n-áirítear gach ceann de na heilimintí seo a leanas:
 - 1.1. Córas íocaíochtaí atá bunaithe ar shíntiús a fhorbairt, rud a fhágann go mbíonn ioncam intuatha agus inbhuanaithe ann don Chiste um Chomhroinnt Tairbhí agus beidh a inghlactha ag úsáideoirí agus ag soláthraithe.
 - 1.2. Córas aonrochtana íocaíochtaí a chothabháil mar mhalairt ar chóras atá bunaithe ar shíntiús, lena gcuirfear solúbthacht leordhóthanach ar fáil do ghrúpaí úsáideoirí éagsúla⁽¹⁾.
 - 1.3. Raon feidhme an Chórais Iltaobhaigh a leathnú a mhéid is féidir chun gach acmhainn ghéiniteach plandaí le haghaidh bia agus talmhaíochta a chumhdach go hidéalach.
2. Le haon athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, tabharfar aitheantas do luach na díolúine ó phóraitheoirí trí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na táirgí sin a chuirtear ar fáil gan srian do tháirgí eile le haghaidh tuilleadh taighde agus pórúcháin, agus iad siúd nach gcuirtear ar fáil. Dá réir sin, maidir le híocaíochtaí éigeantacha isteach sa Chiste um Chomhroinnt Tairbhí a eascraíonn as tráchtálú táirgí a chuirtear ar fáil gan srian do tháirgí eile le haghaidh tuilleadh taighde agus pórúcháin, beidh na híocaíochtaí sin i bhfad níos ísle ná na híocaíochtaí éigeantacha a eascraíonn as tráchtálú táirgí nach gcuirtear ar fáil gan srian ar an mbealach sin. Beidh feidhm ag an difreáil sin maidir leis an gcóras síntiús agus leis an gcóras rochtana aonair⁽²⁾.
3. A mhéid a bhaineann le Faisnéis faoi Sheichimh Dhigiteacha, urramófar an méid seo a leanas:
 - 3.1. Fad is nach bhfuil aon chomhaontú críochnaitheach ann maidir leis an sainmhíniú ar Fhaisnéis faoi Sheichimh Dhigiteacha, níor cheart forálacha sonracha a áireamh in aon athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar maidir le comhroinnt na dtairbhí a eascraíonn as úsáid na Faisnéise faoi Sheichimh Dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha plandaí do bhia agus don talmhaíocht. Déantar é sin chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, ós rud é gur conradh ceangailteach idir an soláthraí agus faighteoir an ábhair é an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar.
 - 3.2. Saineofar an córas íocaíochta bunaithe ar shíntiús ar bhealach a gcomhlíonfaidh na ranníocaíochtaí faoin gcóras sin an oibleagáid maidir le ranníocaíochtaí le ‘Ciste Calí um chomhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí ó úsáid na Faisnéise faoi Sheichimh Dhigiteacha maidir le hAcmhainní Géiniteacha’ arna bhunú le Cinneadh 16/2 ón gComhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht. Déantar é sin chun íocaíochtaí dubailte idir an dá chóras a sheachaint.

⁽¹⁾ D’fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit glacadh le córas síntiús le haghaidh barra sonracha, áfach, mar rogha íocaíochta bhreise más gá sin chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích go rathúil, agus ar choinníoll go sainítear go soiléir na téarmaí le haghaidh rogha den sórt sin agus nach bhfágann siad go bhfuil an córas íocaíochta róchasta.

⁽²⁾ ^M ar sin féin, más rud é gurb é cur i bhfeidhm na difreála sin ar an gcóras síntiús an t-aon saincheist lena gcuirtear bac ar thabhairt i gcrích rathúil na caibidlíochta, féadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit aontú glacadh le córas síntiús a bhfuil ráta amháin aige.